

Prótacal COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte

Seicliosta Fostóra 1 - Pleanáil agus Ullmhú

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le húinéirí agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le leathadh COVID-19 a chosc. Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.Gov.ie, www.hse.ie, www.hpsc.ie agus www.hsa.ie

| Uimh. | Beart Rialaithe | ✓Tá | ✓Níl | Gníomh a theastaíonn |
|-------|--|-----|------|----------------------|
| 1. | An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas agus chun do chuid pleananna agus nósanna imeachta a athrú de réir na comhairle sin? | | | |
| 2. | An bhfuil plean freagartha COVID-19 do ghnó ullmhaithe/leasaithe agat? | | | |
| 3. | An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun eolas agus treoir a thabhairt do do chuid oibríthe faoi na bearta atá curtha i bhfeidhm agat chun cabhrú le leathadh an víris a chosc agus faoin méid a bhfuiltear ag súil uathu siúd? | | | |
| 4. | An bhfuil tú tar éis dul i gcomhar le do chuid oibríthe ¹ ar na bearta, agus an bhfuil córas i bhfeidhm do na hoibríthe chun ceistanna nó ábhar imní a tharraingt anuas agus freagairt dóibh? | | | |
| 5. | An bhfuil na bearta rialaithe a chaithear a chur i bhfeidhm chun an baol go nochtfaí oibríthe do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir sainaitheanta agat? (Féach ar Sheicliosta 2) | | | |
| 6. | An bhfuil do mheasúnuithe riosca agus ráitis sábháilteachta athbhreithnithe agus nuashonraithe agat chun aon bhearta a theastaíonn chun cabhrú le leathadh COVID-19 a chosc a chur san áireamh? | | | |
| 7. | An bhfuil do phleananna éigeandála nuashonraithe agat, chun scaradh fisiciúil go háirithe a chur san áireamh? | | | |
| 8. | An bhfuil foirm COVID-19 um fhilleadh ar an obair curtha chuig gach oibrí, foirm atá le comhlánú agus le cur ar ais trí lá sula bhfilliann siad ar an ionad oibre? (Féach ar an teimpléad don fhoirm um Fhilleadh ar an Obair) | | | |
| 9. | An bhfuil eolas curtha chuig gach oibrí faoi threoir FSS faoi na daoine is mó atá i mbaol agus an bhfuil tú tar éis a iarraidh orthu a rá leat má bhaineann siad le haon cheann de na catagóirí sin? | | | |
| 10. | An bhfuil measúnú déanta agat ar na hoibríthe atá in ann oibriú ón mbaile agus cúnamh tugtha dóibh chun é sin a dhéanamh, oibríthe atá i mbaol nó leochaileach go háirithe? | | | |

¹ agus le Ceardchumainn nuair is cuí

| Uimh. | Beart Rialaithe | ✓Tá | ✓Níl | Gníomh a theastaíonn |
|-------|--|-----|------|----------------------|
| 11. | An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe go gcaithfidh siad fanacht sa bhaile má tá siad tinn nó má tá aon símptóim COVID-19 orthu, agus an bhfuil tú tar éis a dteidíochtaí má tá siad tinn nó mÁs gá dóibh a bheith ar coraintín a chur in iúl dóibh? | | | |
| 12. | An bhfuil Ionadaí Oibrithe ceaptha agat agus curtha faoi oiliúint chun cabhrú le hoibrithe agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh bearta rialaithe COVID-19 san ionad oibre? | | | |
| 13. | An bhfuil comhaontú na n-oibrithe ¹ agat faoi aon athrú ar uainchláir foirne, eagrú foirne, sosanna, etc., a theastaíonn chun líon na ndaoine san ionad oibre ag an am céanna a laghdú agus chun scaradh fisiciúil a chinntiú? | | | |
| 14. | An bhfuil d'ionduchtú/sheisiún eolais faoin ionad oibre nuashonraithe agus an t-eolas ar fad faoi COVID-19 ann anois? (Féach ar Sheicliosta 3) | | | |
| 15. | An bhfuil cruinnithe, oiliúint agus seisiún eolais le réachtáil ar líne nó ar an bhfón a oiread agus is féidir? | | | |
| 16. | An bhfuil na gníomhaíochtaí a gcaithfear idirghníomhnú le custaiméirí/cuairteoirí lena linn sainaitheanta agat agus an bhfuil bearta i bhfeidhm chun teagmháil fhisiciúil a chosc, a oiread agus is féidir? | | | |
| 17. | An bhfuil tú tar éis dul i dteagmháil le soláthraithe agus seachadadh, seoladh sonrasc agus íocaíocht gan teagmháil a shocrú leo? | | | |
| 18. | An bhfuil an taisteal gnó/oibre ar fad nach bhfuil riachtanach stoptha? | | | |
| 19. | An bhfuil líon na n-oibrithe a roinneann feithicil chomh híseal agus is féidir, an bhfuil clúdaigh aghaidhe ar fáil agus an bhfuil a fhios ag na hoibrithe go gcaithfear pointí teagmhála inmheánacha a ghlanadh ag tús agus deireadh gach seala? | | | |
| 20. | An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe a lámha a ghlanadh sula n-úsáideann siad iompar poiblí agus ina dhiaidh sula dtagann siad chuig an obair? | | | |
| 21. | An bhfuil stáisiúin oibre, deasca agus boird socraithe ar bhealach a chabhróidh le scaradh fisiciúil? | | | |
| 22. | An bhfuil tacaíochtaí i bhfeidhm le haghaidh oibrithe atá ag fulaingt de bharr imní nó struis, agus an bhfuil d'fhoireann ar an eolas faoi na tacaíochtaí sin? | | | |

¹ agus le Ceardchumann nuair is cuí

| Uimh. | Beart Rialaithe | ✓Tá | ✓Níl | Gníomh a theastaíonn |
|-------|---|-----|------|----------------------|
| | Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) | | | |
| 23. | An bhfuil pé PPE a theastaíonn le haghaidh do chuid oibríthe sainaitheanta, roghnaithe agus faighte, agus an bhfuil dóthain soláthairtí PPE socraithe? | | | |
| 24. | An bhfuil oiliúint socraithe do do chuid oibríthe ar an mbealach ceart le PPE a fheistiú, a úsáid, a bhaint, a ghlanadh, a stóráil agus a dhiúscairt? | | | |
| 25. | An bhfuil oiliúint nuashonraithe curtha ar do gharchabhróirí maidir le cosc agus rialú ionfhabhtuithe le sláinteachas lámh agus úsáid aghaidhmhasc? | | | |
| 26. | Má tá aeráil mheicniúil agat, an bhfuil gá lena glanadh nó lena cothabháil sula n-osclaíonn an t-ionad oibre an athuair? | | | |
| 27. | An bhfuil gá le do chóras uisce the a shruthlú ag na hasraonta, e.g. cithfholcadáin, cúlchaisí, etc., i ndiaidh úsáid íseal chun galar na Léigiúnach a chosc? | | | |
| 28. | An bhfuil trealamh ardaithe nó eile agat (e.g. ardaitheoirí, forcardaitheoirí, ardaitheoirí cúil, uathchláibh, etc.) a bhfuil scrúdú reachtach le déanamh orthu agus an bhfuil duine inniúil socraithe agat chun an scrúdú sin a dhéanamh nuair a osclaíonn an t-ionad oibre an athuair? (Féach ar Cheisteanna Coitianta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta) | | | |
| 29. | An bhfuil an duine inniúil sin tar éis sonraí a thabhairt duit faoin gcaoi a bhfuil sé i gceist an tasc sin a dhéanamh go sábháilte agus an méid a theastaíonn uaitse chun é a dhéanamh? | | | |
| 30. | An bhfuil na feithiclí agus an trealamh ar fad san ionad oibre seiceáilte ó amharc le haghaidh comharthaí meatha nó damáiste sula n-úsáideann na hoibrithe arís iad? | | | |
| 31. | An bhfuil an t-ionad oibre glanta go hiomlán, ina measc an trealamh, na stáisiúin oibre, na binsí, na doirse agus na pointí dromchlaí a dteagmhaítear leo go minic ar fad? | | | |
| | Eolas Breise | | | |
| | | | | |

Ainm: _____

Síniú: _____

Dáta: _____

Is chun críche oideachais amháin an t-eolas atá sa treoir seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, cailteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.